2012. M49T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL**

**CUMADÓIREACHT (100 marc)**

**DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 3.15–4.45**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |
| 6 | | | |
| IOM | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❐ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❐ *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.*
- ❐ *Is féidir na spásanna i lár agus i ndeireadh an fhreagarleabhair a úsáid do shracobair.*

| | |
|---|---|
| **1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe uile** | |
| **3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**LEATHANACH BÁN**

**Freagair DHÁ cheist – Ceist AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus ceist AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

GAN ACH CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo: C1 nó C2 nó C3. Tabhair faoi deara go bhfuil dhá roinn i gC1 agus i gC3.*

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

I gcás (a) *agus* (b) araon,

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis oiriúnach do gach ceann de na séiseanna atá agat as an liosta a thugtar.

(a) ☐ cláirnéid ☐ fliúit Shasanach fhorshéise ☐ veidhlín ☐ trumpa




*AGUS*

(b) ☐ trumpa ☐ veidhlín ☐ óbó ☐ cláirnéid




**(40)**

## C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

Seo a leanas sliocht as *Oisín i ndiaidh na Féinne* le Tomás F. MacAnna.


"Ná tar anuas den chapall

Nó beidh tú sean, a stór,

Tá na blianta fada caite,

Ó chuala Fionn do ghlór."

• Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a d'oirfeadh do na focail eile.




Tá na blian - ta fa - da cai - te,

Ó chua - la Fionn do ghlór."

• Ag úsáid na rithime seo, cum séis ocht mbarra, a thosaíonn mar a thaispeántar agus a chríochnaíonn ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.




**(40)**

## C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR

Freagair (a) *agus* (b).

(a) Déan staidéar ar oscailt na válsa seo.

• Comhlánaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, a chríochnaíonn ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach don tséis agatsa as an liosta seo a leanas:

❐ fliúit Shasanach fhorshéise ❐ óbó ❐ fliúit ❐ veidhlín

**Moderato**



*AGUS*

(b) Déan staidéar ar oscailt na máirseála seo.

• Comhlánaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach don tséis agatsa as an liosta seo a leanas:

❐ cláirnéid ❐ fliúit ❐ veidhlín ❐ trumpa

**Moderato**



**(40)**


## ROINN B – ARMÓIN (60 marc)

GAN ACH CEIST AMHÁIN *sa roinn seo a fhreagairt:* C4 *nó* C5 *nó* C6

### C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DOIRD Ó SHRAITH CORDAÍ


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála F ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail chorda | F | | Am | | | | Elagh |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Deán staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Ag úsáid na rithimí a thugtar, cuir isteach nótaí séise agus doird chun na dúntaí agus na réamhchordaí a chomhlánú mar seo a leanas:

(i) Ag A, dúnadh NEAMHFHOIRFE le réamhchorda (I—IV—V)

(ii) Ag B, dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii—V—I)

(iii) Ag C, dúnadh BRISTE le réamhchorda (IV—V—vi)

(iv) Ag D, dúnadh FOIRFE le réamhchorda (IV—V—I)





**(60)**

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála D ar an gcliath thíos:




• Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.


| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
| Siombail chorda | D | | F♯m | | | | C♯lagh |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |






**SRACOBAIR**

- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha chun na dúntaí ag A, B, C agus D a chomhlánú.
- Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.








**(60)**

## C.6 NÓTAÍ FORSHÉISE AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA


RÉAMHOBAIR

- Scríobh amach mórscála B♭ ar an gcliath thíos:



- Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| Nótaí an chorda | F<br>D<br>B♭ | | A<br>F<br>D | | | | E♭<br>C<br>A |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail chorda | B♭ | | Dm | | | | Alagh |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Cuir isteach cordaí oiriúnacha agus nótaí forshéise ag A, B, C agus D chun na deirí míre a chomhlánú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.




**(60)**

**LEATHANACH BÁN**

2012. M51T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL
## ÉISTEACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30–3.00

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |
| 6 | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❒ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❒ *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach le sliocht na trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- ❒ *Éist chun go gcloisfidh tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.*
- ❒ *Is féidir do chuid freagraí a scríobh nuair is mian leat, le linn an taifeadta nó le linn na sosanna.*
- ❒ *Scríobh do chuid freagraí uile sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna a bhfuil rogha iontu, cuir tic sa bhosca cuí.*
- ❒ *Bain úsáid as na spásanna laistigh den chlúdach cúil don tsracobair.*
- ❒ *Ná tabhair aon pháipéir eile leat isteach i halla an scrúdaithe.*
- ❒ *Níl cead agat aon ní a rá, cnagadh ná crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.*


**C. 1** Trí shliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury.

- Seinnfear gach sliocht TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Sliocht 1. Tá liricí an tsleachta seo priontáilte thíos.**

| | |
|---|---|
| Líne 1 | Is this the real life? Is this just fantasy? |
| Líne 2 | Caught in a landslide, no escape from reality. |
| Líne 3 | Open your eyes, look up to the skies and see, |
| Líne 4 | I'm just a poor boy, I need no sympathy, |
| Líne 5 | Because I'm easy come, easy go, little high, little low, |
| Líne 6 | Any way the wind blows, doesn't really matter to me, to me. |

**Sliocht 2. Tá breac-scór den cheol sa sliocht seo priontáilte thíos.**




**Sliocht 3. Níl aon cheol priontáilte ann den cheol sa sliocht seo.**

**Sliocht 1**

(i) Baineadh an sliocht seo

❒ as an intreoir ❒ as an gcuid ceoldrámata ❒ as an gcuid roc

(ii) Sna línte 1 agus 2, tá na guthanna ag canadh

❒ in aoncheol ❒ in aithris ❒ in armóin

(iii) Ainmnigh an uirlis a chloistear den chéad uair i ndiaidh líne 2. _________________

(iv) Is í an éifeacht a úsáidtear chun na focail "any way the wind blows" a chur in iúl ná

❒ peanáil ❒ saobhadh ❒ flangeáil

**Sliocht 2**

(i) Cuir isteach na cúig rithim atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

(ii) Sna línte 7 agus 8, tá an dordghiotár ag seinm

❒ nótaí athdhéanta ❒ airpéitse síos ❒ scála síos

(iii) Is í uigeacht an cheoil sa sliocht seo ná

❒ monafónach ❒ homafónach ❒ ilfhónach

Mínigh.

______________________________________________

______________________________________________

**Sliocht 3**

(i) Is í stíl an cheoil sa sliocht seo ná

❒ stíl roc ❒ stíl bhailéadach ❒ stíl cheoldrámata

Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

(ii) Cé acu **ceann amháin** díobh seo a leanas a chloistear sa sliocht seo?

❒ cuntrashéiseanna ❒ guthanna a capella ❒ guthanna ainteafeanúla

(iii) Déan cur síos ar stíl an cheoil a thagann go díreach i ndiaidh an tsleachta seo in *Bohemian Rhapsody*.

______________________________________________

______________________________________________

**(25)**

**C. 2** Seinnfear sliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Níl aon cheol priontáilte ann den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo

❐ as an bhFoilsiú ❐ as an bhForleathnú ❐ as an Athfhoilsiú

(ii) Is é an téama a chloistear sa sliocht seo ná

❐ téama Friar Lawrence ❐ téama an Aighnis ❐ téama an Ghrá

Seinntear é

❐ ar ghaothuirlisí amháin ❐ ar phráis amháin ❐ ar ghaothuirlisí agus ar phráis

(iii) Is é an cur síos is fearr ar uigeacht an cheoil sa sliocht seo ná

❐ monafónach ❐ homafónach ❐ ilfhónach

Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Is í an rithim a sheinntear ar na veidhlíní sa sliocht seo ná

❐ rithim shioncóipithe ❐ rithim phoncaithe ❐ rithim thríphléadach

(v) Ainmnigh téama amháin eile a chloistear in *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet.*
Déan cur síos ar ghné ceoil **amháin** den téama seo.

Téama _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cur síos _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 3** Seinnfear sliocht as an gcantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach TRÍ huaire.

• Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
• Níl aon cheol priontáilte ann don cheist seo.
• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo as

❒ gluaiseacht 1 ❒ gluaiseacht 4 ❒ gluaiseacht 7

Is é atá sa sliocht seo ná

❒ córáil ❒ curfá ❒ áiria

(ii) Is é an chéad ghuth a chloistear ná

❒ soprán ❒ alt ❒ teanór ❒ dord

Tagann guthanna breise isteach

❒ in aoncheol ❒ in armóin ❒ in aithris

(iii) Sainaithin **trí** uirlis a chloistear sa tionlacan.

1. ___________________ 2. ___________________ 3. ___________________

(iv) An dúnadh i ndeireadh an tsleachta, tá sé

❒ foirfe ❒ neamhfhoirfe ❒ briste

(v) Déan cur síos ar **cheann amháin** de na gnéithe seo a leanas a chloistear sa ghluaiseacht seo:

canóin ritornello chaconne móitíf an mhéala meiliosma

Gné _____________________________________________

Cur síos _____________________________________________

_____________________________________________

_____________________________________________

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gearailt de Barra TRÍ huaire.

• Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
• Tá breac-scór de na barraí 1–7 sa sliocht priontáilte thíos.




• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo as

❒ tús an tsaothair ❒ lár an tsaothair ❒ críoch an tsaothair

Seinntear an ceol

❒ le mothú ❒ le haicinn ❒ go héadrom

(ii) Mínigh aon cheann **amháin** de na hamchomhartha a úsáidtear sa sliocht seo.

Amchomhartha ___________

Míniú _______________________________________________

(iii) Ainmnigh na **ceithre** uirlis atá á seinm sa sliocht seo.

1. ____________________ 3. ____________________

2. ____________________ 4. ____________________

(iv) Is é an dinimic is fearr don sliocht seo ná

❒ ***ff*** ❒ ***mf*** ❒ ***pp***

(v) Déan cur síos ar aon cheann **amháin** de na gnéithe seo a leanas a úsáideann Gearailt de Barra ina *Cheathairéad Pianó Uimh.1.*

casiompú méadú úsáid fonn Gaelach

Gné _______________________________________________

Cur síos _______________________________________________

_______________________________________________

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C. 5 Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú TRÍ shliocht, gach ceann díobh á sheinm TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.

• Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

(i) Is é an fonn damhsa a chloistear sa sliocht seo ná

❒ cornphíopa ❒ ríl ❒ port luascach

(ii) Barra tipiciúil rithime a bhaineann leis an gcineál seo damhsa ná

❒  ❒  ❒ 

(iii) Ainmnigh an uirlis atá á seinm sa sliocht seo. ______________________

**Sliocht 2**

(i) Ainmnigh stíl na hamhránaíochta ag tús an tsleachta seo. ______________________

(ii) Sainaithin **dhá** ghné den stíl amhránaíochta seo a cloistear sa sliocht seo.

1. ________________________________________________________

2. ________________________________________________________

(iii) Déan cur síos ar ghné neamhthraidisiúnta **amháin** den léiriú seo.

________________________________________________________

________________________________________________________

**Sliocht 3**

(i) Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tséis agus an uirlis ar a seinntear an rithim sa sliocht seo.

Uirlis na séise ________________________

Uirlis na rithime ________________________

(ii) Sainaithin **aon** ghné thraidisiúnta **amháin** den cheol sa sliocht seo.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(iii) Is é an tionchar is mó a chloistear sa taifeadadh seo ná

❐ roc-cheol ❐ ceol clasaiceach ❐ snagcheol

Tabhair **aon** chúis **amháin** le do fhreagra.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**(25)**

**Beidh sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar THRÍ shliocht ceoil.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

- Ní sheinnfear an sliocht iomlán ach AON uair AMHÁIN. Seinnfear an intreoir (na barraí 1–7) TRÍ huaire ansin.
- Tá breac-scór den iontreoir priontáilte thíos.




(i) Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tséis sna barraí 1–7. ___________________

- Seinnfear an chuid eile den sliocht DHÁ uair anois. Freagair (ii) agus (iii) thíos.

(ii) Sainaithin an fine uirlisí a sheinntear sa chuid seo. _________________

(iii) Cén **dá** cheann díobh seo a leanas a chloistear sa chuid seo?

❒ sioncóipiú ❒ cordaí cláirsí ❒ saor-rithim

❒ seinm legato ❒ aithris ❒ ornáidiú

**Sliocht 2**

- Seinnfear an sliocht TRÍ huaire.

(i) Is é amchomhartha an tsleachta seo ná

❒ $\frac{3}{4}$ ❒ $\frac{4}{4}$ ❒ $\frac{6}{8}$

(ii) Ainmnigh **aon** uirlis **amháin** ar a seinntear an tséis sa sliocht seo. ________________

(iii) Sainaithin **aon** ghné **amháin** den tséis a chloistear sa sliocht seo.

_______________________________________________

**Sliocht 3**

- Ní sheinnfear an sliocht iomlán ach AON uair AMHÁIN. Seinnfear na barraí 1–16 TRÍ huaire ansin.
- Tá séis na mbarraí 1–16 priontáilte thíos.




(i) Cén **dá** cheann de na gnéithe seo a leanas a chloistear sa sliocht seo?

☐ amhránaíocht gan tionlacan ☐ nótaí troitheánacha ☐ armóin ghutha

☐ miontonúlacht ☐ oscailt thríchordach ☐ léimeanna ochtaigh

(ii) Cuir isteach na **céithre** nóta séise atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

(iii) Tá trí dhúnadh sna barraí 1–16.
Cloistear an chéad dúnadh

☐ sna barraí 3–4 ☐ sna barraí 4–5 ☐ sna barraí 5–6

(iv) Is iad na guthanna a cloistear sa sliocht seo ná

☐ sopráin agus ailt ☐ teanóir agus doird ☐ lán-chór SATD

- Seinnfear an sliocht iomlán UAIR AMHÁIN eile. Freagair (v) thíos.

(v) Is gluaiseacht as cantáid le J.S. Bach é an sliocht seo. Is é an cur síos is fearr ar stíl an cheoil seo ná

☐ áiria ☐ reacaireacht ☐ córáil

Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

Cúis 1: ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

Cúis 2: ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**(20)**

**Tá trí nóiméad agat chun an scrúdpáipéar a chríochnú.**

**LEATHANACH BÁN**